# 1

## AN COMÓRADH

CÚIG SÉASÚIR ar fad a chaith mé ag teacht agus ag imeacht idir Cloich Cheannfhaola agus Albain. Bhí an obair an-chruaidh thall—ó dhubh go dubh go minic—agus ba lúide an cás dá mbeadh a dhath ar a shon, ach cha rabh mórán ab fhiú nó ab fhearrde ag na fir a bhí anonn is anall san am udaí. Cha rabh meas ar bith ar na hÉireannaigh in Albain san am, agus le cois gach drochúsáid eile dá dtugtaí dóibh cha rabh siad ag fáil páighe ar bith a bhí inchomórtais leis an obair a níodh siad. Bhí an bia an-olc fosta agus mar a bhí fhios againne go maith, cha rabh an leabaidh féin ag daoine le síneadh uirthi fá shásamh. Bhí mé féin ag éirí tinn tuirseach den dóigh a bhí orm. Seal maith roimhe sin chuaigh daoine muinteartha domh go Meiriceá agus bhí cuntais ag teacht uathu gurbh fhearr go mór an tír thall ná Albain. Labhair mé le Conall Eibhlíne aon oíche amháin fá seo agus lig mé mo rún leis—go rabh mé ag smaointiú ar dhul go Meiriceá.

'Bhail, tig leat do chomhairle féin a dhéanamh,' arsa Conall, 'ach níl rún ar bith agamsa a dhul anonn. Is minic ariamh a chuala tú an seanfhocal gur glas na cnoic i bhfad uainn agus b'fhéidir nach molfá d'imirce go rómhór.'

'B'fhéidir go bhfuil an ceart agat,' arsa mise leis, 'ach cibé súisín* a íocfas é tá mise, le cuidiú Dé, ag dul a bhaint féachála as.'

Cha rabh sé deacair a dhul go Meiriceá san am sin. Cha rabh ann ach siúl amach go Doire agus a dhul ar an bhád—má bhí an t-airgead agat cha rabh bac ar bith eile ort. Bhí mo fhear muinteartha, Proinsias Ó Fearaigh, ag obair in oibreacha an iarainn i mBethlehem, Northampton





County, Pennsylvania; scríobh mé chuige agus chuir mé mo rún i bhfré dó. Scríobh sé sin ar ais chugam agus dúirt sé go mbeadh fáilte romham dá measainn go dtiocfadh liom déanamh ní b'fhearr ann ná bhí mé a dhéanamh in Albain. Thosaigh mé a réiteach ansin le himeacht, agus ar ndóigh, charbh ionann dhul go Nua-Eabhrac agus dhul go Glascú.

Bhí sé ina ghnás san am sin go gcaithfeadh an té a bheadh ag imeacht go Meiriceá an baile a shiúl lá nó dhó sula n-imíodh sé. Chaithfeadh sé lámh a chroitheadh le mór agus le beag, aosta agus óg. Chaointí spuaic in achan teach agus ghuítí beannachtaí go leor ar an té a bheadh ag dul chun siúil. Nuair a thigeadh coim na hoíche chruinníodh muintir an cheantair isteach go tigh an chomóraidh—na daoine aosta an chéad uair go dtí i dtrátha an deich a chlog, agus ansin an t-aos óg. Bhíodh ól agus ceol agus rince ansin go maidin. Chaointí an té a bheadh ag imeacht trí huaire ar feadh na hoíche. Ba mhinic a bhíodh daoine bogtha go maith leis an ól, de bhrí dó gur ghnách an hata a chur thart go luath san oíche agus briseadh airgid a thógáil. Bhí an bhiotáilte agus an poitín saor agus fairsing agus bhéarfadh trí nó ceathair de phingneacha an duine oíche mhór don chuideachta uilig. Dá mbeadh fidileoir le fáil soghluaiste* bheadh sé acu, ach mura mbeadh, bhíodh fir agus mná i láthair a choinníodh ag damhsa iad lena gcuid portaíochta ó oíche go maidin. Beireadh mná isteach cearca agus arán in amannaí fosta; bhíodh bia agus deoch acu agus cha bhíodh sé pingin ná bonn ar an mhuintir a mbíodh a nduine ag imeacht.

Nuair a bhíodh ball bán ag teacht ar an lá thosaíodh an búrach ceart. Fhliuchtaí le deora agus thriomaítí le póga an té a bhí ag dul chun siúil agus níodh an scaifte uilig a chomóradh trí nó ceathair de mhílte amach an bealach. Ansin féin sheasadh siad go dtéadh an duine amach as a n-amharc. Charbh iontas ar bith sin, nó go minic ba é sin an t-amharc deireanach ag a mhuintir

ar an duine sin go brách.

Triúr againne a bhí le himeacht i gcuideachta: mé féin agus cupla duine a bhí muinteartha domh: Tomás Ó Fearaigh, deartháir an fhir a bhí thall, agus Jimí Ó Dochartaigh (nó Jimí Antoin mar thugaimis féin air), a bhí ina chomharsa bhéal dorais domh, féadaim a rá. Laethe na Bealtaine a bhí ann agus bhí an aimsir galánta. Bhí sé socraithe againn uilig a theacht i gcionn a chéile tigh s'againne teacht an lae agus na bonnaí a bhaint as comh luath agus thiocfadh linn. Char shín mé féin ná duine ar bith sa teach ar leabaidh an oíche sin. Bhí cuid mhór i gceart againn le caibidil nuair a bhíodh faill againn agus is é ba ghairid linn an oíche.

Fá dheireadh tháinig an uair. Bhí Jimí agus a mhuintir i dtigh s'againne cheana féin agus bhí muid ag fanacht ar mhuintir Thomáis. Chan tormán cos an chéad rud a chuala sinn ag tarraingt ar an teach ach snagarnach—duine ínteacht a rabh oiread caointe aige agus go rabh a anál á baint de. Tháinig siad uilig isteach—Tomás agus a mhuintir—ach cha rabh faill suí ann. Bhí bodhránacht an lae ag teacht agus chaithfimis Mám na Mucaise a fhágáil inár ndiaidh sula mbeadh daoine ar a gcois, nó bheadh tuilleadh comharsanaí sa tsiúl le moill a chur orainn. Char bhúrach é go dtáinig an t-am slán agus beannacht a fhágáil ag ár muintir féin. Cha rabh na focla deacair a chuntas a labhradh, agus ar shiúl linn. Bhí Conall Eibhlíne sa tiomáint comh maith le duine. Lean sé domh féin go Gort an Choirce agus ansin d'fhág sé slán agus beannacht agam. Is beag a shíl mé an mhaidin sin gurbh é sin an t-amharc deireanach a tífinn choíche air. Cuireadh an duine bocht sular phill mé agus is mé a bhí buartha nuair a chuala mé go deachaigh sé ar shlí na fírinne.

Cha rabh athrach gléas taistil san am sin ach an choisíocht, agus an mhuintir a bhíodh ag dul go Meiriceá nó in áit ar bith eile chaithfeadh siad siúl go Doire. Tá sé suas le deich míle is fiche ón ait s'againne go





Leitirceanainn, fríd Mhám na Mucaise, agus tá sé fiche míle eile ó sin go Doire. Chaithfimis an leithchéad míle sin a shiúl roimh an tráthnóna le breith ar an bhád. Bhí daoine go leor in am samhraidh ar ghnách leo a dhul go Toraigh in ionad Doire agus chuireadh bádaí na ngliomach ar bord an tsoithigh mhóir iad ar an tsruth; ach mura mbeadh an aimsir maith b'fhéidir go rachadh dhá bhád thart ar a mbealach go Meiriceá sula dtigeadh duine a chur ar bord mar sin. Ar an ábhar sin b'fhearr le cuid mhór, ár ndálta féin, a dhul go Doire. Cha rabh braodar ar bith orainne an baile sin a bhaint amach. Bhí muid breá cleachtaithe leis an tsiúl san am agus cha rabh bagáiste mhór ar bith linn. Nuair a chuaigh muid chun boinn tharraing muid ar áit a bhfuair muid greim le hithe agus ba chuma linn ansin cá n-éireodh nó cá luífeadh an ghrian orainn. Cha rabh le déanamh againn ach costas an turais a íoc san oifig a bhí ag baint leis an tsoitheach a rabh muid le dhul uirthi. D'íoc muid deich agus ceithre phunta (£4. 10s.) an fear agus cha rabh le déanamh ansin ach siúl isteach ar an tsoitheach.

# 1

## DAWSON CITY

BAILE BEAG cosúil le baile tíre a bhí i Dawson. Dawson City a bheirtí air—agus a bheirtear go fóill air is dóiche — ach cha rabh cathair ar bith ariamh ann. Trí bliana roimhe seo cha rabh oiread agus bothán amháin ar a lorg. Bhaisteadh na mianadóirí ' city ' i gcónaí ar an áit a mbíodh soláthairtí le fáil acu—bhain an scéal céanna, cuirim i gcás, le Circle City, ar thrácht mé air roimhe seo. D'fhéadfadh campa mianadóireachta a bheith scaipthe thart ar fud daichead míle, b'fhéidir, thall agus abhus, ach ba í an ' chathair ' ceanncheathrú nó lárionad an champa uilig, mar déarfá. Ba é a dhálta sin ag Dawson City é agus ag Klondike City a bhí go díreach os a choinne ar an taobh ó dheas de Klondike Creek.

Ar aghaidh an Yukon amach, ar an taobh thoir den abhainn, a bhí príomhshráid Dawson—Front Street mar bheirtí uirthi. Sráid de thithe adhmaid a bhí amach is isteach ar thrí chéad slat ar fad a bhí inti agus bhí beagán de na tithe sin cupla stór ar airde. Bhí cosán adhmaid tógtha tuairim ar throigh ó thalamh os comhair na dtithe ar an tsráid seo ach bhí go leor bothán agus puball thall agus abhus nach rabh cabhsa ar bith rompu ach an sneachta siocaithe. Bhí daoine as achan chearn den domhan ag cur fúthu i Dawson fán am seo—na chéad daoine a chuaigh amach ansin ar lorg an óir. Dúradh linn go rabh amach is isteach ar thríocha míle duine ann sa bhliain sin 1898 agus, ar ndóigh, b'éigean dóibh sin uilig dídean ínteacht a fháil. Tógadh tithe ósta fána gcoinne—sin, nó rinne siad cábáin dóibh féin ar bhruach na habhna nó ar thaobh na gcnoc thart timpeall. Tógadh siopaí, tithe stóráis agus oifigí, tógadh bancannaí agus post-oifig agus beairic do na péas—na ' Mounties '—ach





thar rud ar bith eile tógadh tithe tábhairne. Ba theach tábhairne achan darna teach dá gcasfaí leat agus ba iad na tithe ab fhearr ar an bhaile fosta iad. Bhí cuid acu nach rabhthar a dhrud oíche ná lá agus, leoga, ba é sin an t-uisce beatha milis a bhíthear a dhíol iontu—bhí sé punta an gloine acu! Bhí nithe eile daor dá réir. Bhí ganntanas mór bídh ann go háirid, de thairbhe gan bádaí ar bith a bheith ag teacht isteach. Bhíodh cúig dollair dhéag (timpeall £3) an céad ar phlúr. Bhéarfá dollar ar úll nó ar mheacan dearg. Bhíodh cúig dollair ar thráth bídh—sna tithe itheacháin a ba shaoire—agus cha bheadh mórán feidhm ag fear isteach sna cinn mhóra gan a phócaí a bheith lán! Bhíodh timpeall 25 dollair ar phlaincéad agus bhíodh an t-uisce féin gann. Bheireadh fir áirid isteach ó na toibreacha sna cnoic é agus dhíoladh siad é ar an oiread seo an gallún. Ach nuair a deirim go mbíodh an oiread seo dollar ar rud ar bith níl iomlán an scéii á inse agam, nó cha rabh airgead dlisteanach ar bith i Dawson, féadaim a rá, ach an t-ór. B'fhiú sé dollair dhéag an t-unsa dusta an óir san am a bhfuil mé ag trácht air agus bhíodh spliúchán nó ' poke ', a mbíodh an dusta ann, ar iompar i dtólamh leis na mianadóirí. Ba é an rud a bhí sa spliúchán mála beag a bhí déanta as craiceann ' moose ' ar bhain siad feidhm as in ionad sparáin. Bhíodh scálaí tomhais le feiceáil achan áit a mbíodh earraí á ndíol agus deirtear gurb iomaí fear tábhairne agus freastalaí agus glantóir a rinne a fhortún as an dusta a doirteadh ar chuntar nó ar urlár.